**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*Suí iomlánaíoch*

**B8-0592/2018**

11.12.2018

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 133 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le cruthú staidrimh iontaofa i ndáil le básmhaireacht trí fhéinmharú de réir catagóire sochphroifisiúnta

**Philippe Loiseau**

**B8-0592/2018**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le staidreamh iontaofa a chruthú i ndáil le básmhaireacht trí fhéinmharú de réir catagóire sochphroifisiúnta**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don fhreagra a thug an Coimisiún Eorpach ar an gceist i gcomhair freagra scríofa E-005299/2018 ó Philippe Loseau, Comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Riail 133 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. ag féachaint do na deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais a bhfuil tionchar acu ar fheirmeoirí na hEorpa;

B. de bhrí go léirítear le staidéir áirithe[1] a rinne an Mutualité sociale agricole (MSA) sa Fhrainc go bhfuil ráta básmhaireachta trí fhéinmharú i measc feirmeoirí 20 go 30 % níos airde ná an chuid eile den daonra;

C. de bhrí, de réir na staidéar céanna, go bhfuil mar bhunús leis an mbásmhaireacht bhreise trí fhéinmharú san earnáil sin easpa ioncaim mhaith na bhfeirmeoirí agus iad a bheith i mórfhiacha;

D. ag meabhrú dóibh go léiríonn an freagra ón gCoimisinéir Andriukaitis ar an gceist scríofa ó Philippe Loiseau nach bhfuil aon sonraí ann, ar an leibhéal Eorpach, a fhágann gur féidir anailís chomhleanúnach a dhéanamh ar fhéinmharú i measc feirmeoirí;

1. á mheas gur cheart go ndéanfaí staidreamh ar bhásanna san Aontas Eorpach a chuireann bás trí fhéinmharú san áireamh a mhiondealú de réir catagóire sochphroifisiúnta chun earnálacha atá ag dul trí ghéarchéim a shainaithint;

2. á iarraidh go ndéanfaí na sonraí, a dhéanann an ráta féinmharaithe in aghaidh an chineáil gairme a thomhas go cruinn agus go hiontaofa, a bhailiú ó na Ballstáit agus ansin go ndéanfaí iad a thiomsú agus a phoibliú

3. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

---

[1] https://www.msa.fr/lfy/presse/prevention-suicide-populations-agricoles